
A Chómhúinteoir, a chara,

Beannachtaí chugat ó Fhoireann Ghaeilge Iar-bhunscoile an GhaelAonaid. Tá súil againn go bhfuil tú ag cur an tsamhraidh díot go suaimhneasach agus faoi shláinte. Guímid gach rath ort i gcomhair dheireadh an téarma seo agus tá súil againn go mbeidh laethanta saoire deasa ag gach duine.



## Nath na Míosa:

'Thugamar féin an Samhradh linn'

Bíonn sé de nós ag daoine an samhradh a thabhairt isteach roimh éirí gréine Lá Bealtaine. Téann siad amach go luath Lá Bealtaine féachaint cathain a bhrisfidh an mhaidin agus tugann siad craobhacha glasa isteach chun an tí. Agus iad ag teacht isteach leis na craobhacha, deir siad an t-amhrán thuas 'Thugamar féin an Samhradh linn'. Bhí an t-amhrán seo coitianta chomh fada siar leis an 17ú haois. Déanann Dáibhí Ó Bruadair tagairt don amhrán i ndán a scríobh sé sa bhliain 1674.



## Seanfhocal na Míosa


### Mí na Bealtaine, eochair na bliana



## Bláthú Téanga í a léamh 6: Spléachadh ar ‘Athair’

Mar chuid den tsraith d’eispéiris foghlama gairmiúla (EFG) ar an ábhar dualgais do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, beidh Bláthú Teanga í a Léamh 6 ag tabhairt spléachadh ar an ngearrscéal ‘Athair’ le Micheál Ó Conghaile.
Fiosróimid bealaí leis an ngearrscéal a úsáid mar acmhainn teanga, ag díriú ar an difreáil agus dearadh uilíoch don fhoghlaim. Cláraigh tríd an nasc seo.

⏰Dé Máirt 12 Bealtaine, 4.30 agus 6.30
⏰Dé Luain 18 Bealtaine, 4.30 agus 6.30
⏰Dé Céadaoin 20 Bealtaine, 4.30 agus 6.30




## Bláthú Téanga í a léamh 1 - 5

Tá teacht ar ‘Bláthú Teanga í a Léamh 1 - 5’ ar shuíomh Oide, inar tugadh spléachadh ar an ábhar dualgais seo a leanas do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta. Fiosraíodh modheolaíochtaí agus bealaí éagsúla leis an ábhar seo a úsáid mar acmhainn teanga. Is fiú go mór iad a fhiosrú anseo


Bláthú Teanga í a léamh 1: ‘Deireadh na Feide’ agus ‘Cócó’
Bláthú Teanga í a léamh 2: ‘Dínit an Bhróin’ agus ‘Eoinín na nÉan’
Bláthú Teanga í a léamh 3: ‘Glaoch Abhaile’
Bláthú Teanga í a léamh 4: ‘Clann Lir’
Bláthú Teanga í a léamh 5: ‘An Féileacán agus an Crann Úll’.

## Tionól Teagaisc 2026

Ba bhreá le foireann Ghaeilge Iar-bhunscoile Oide léirithe spéise a fháil ó mhúinteoirí Gaeilge ar mhian leo ceardlann a dhearadh agus a éascú ag Tionól Teagaisc 2026. Is féile bhliantúil é An Tionól Teagaisc do mhúinteoirí Gaeilge ina ndéantar ceiliúradh ar fhoghlaim agus teagasc na Gaeilge. Reáchtálfar an Tionól Teagaisc Dé Sathairn, 7 Samhain 2026 in Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7. Líon an fhoirm isteach anseo **faoin Aoine 29 Bealtaine 2026 ag 5.i.n** más maith leat ceardlann a dhéanamh. Ba bhreá linn tú a bheith linn. Déan nóta den dáta i do dhialann agus scaip an scéal!




## Ag tacú le leanaí agus daoine óga nach Gaeilge ná Béarla a dteanga bhaile




Foilsíodh treoir do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna Lán-Ghaeilge chun tacú le leanaí agus daoine óga nach í an Ghaeilge a dteanga bhaile. Leagtar síos gníomhartha féideartha ar féidir le scoileanna a chur in oiriúint dá gcomhthéacs féin. Tá deich bprionsabal ann mar aon le treoir bhreise agus acmhainní. Is féidir tuilleadh eolais a fháil anseo.

## Samhlaíocht le Sruth

Tá Oide Creativity, i gcomhar le Fighting Words, ag cur ceardlann lae ar an scríbhneoireacht chruthaitheach trí mheán na Gaeilge ar fáil do gach múinteoir. Beidh an cheardlann seo ar siúl ar an Máirt 9 Meitheamh 2026 ó 10.00 r.n go dtí 3.30 i.n. in ionad Fighting Words i mBaile Átha Cliath. Tá tuilleadh eolais anseo.



Samhlaíocht le Sruth

Ceardlann scríbhneoireachta cruthaithí trí mhéan na Gaeilge, le Fighting Words

Tá **Oide Creativity**, i gcomhar le **Fighting Words**, ag cur ceardlann lae scríbhneoireachta cruthaithí trí mheán na Gaeilge ar fáil, atá oscailte do gach múinteoir. Sa cheardlann seo, beidh deis ag rannpháirtithe am a chaitheamh le chéile amuigh faoin aer, an dúlra agus an domhan mórthimpeall orthu a fhiosrú, agus freagairt trí scríbhneoireacht chruthaitheach i spás tacúil, sábháilte. Beidh siúlóid threoraithe ar siúl ar maidin, in éineacht le haoi-threoraí, mar chuid den cheardlann. Tabharfar cuairt ar áiteanna spreagúla a úsáidfear mar spreagthaí don scríbhneoireacht san iarnóin.

Beidh deis ag rannpháirtithe:

- dul i mbun scríbhneoireachta cruthaithí trí mheán na Gaeilge, i gcomhar le Fighting Words
- am a chaitheamh le chéile lasmuigh ag déanamh imscrúdaithe ar an dúlra agus an nádúr
- freagairt don domhan mórthimpeall orthu tríd an scríbhneoireacht chruthaitheach i spás atá tacúil agus sábháilte
- cur lena gcleachtas gairmiúil féin trí chur chuige samhlaíoch agus comhoibríoch.

| Dáta agus Am | Ionad |
|---|---|
| **Dé Máirt 9 Meitheamh 2026** 10:00 r.n. – 3:30 i.n. | **Fighting Words** Behan Square, 12-16 Russell Street, Dublin 1, D01 WD53 |

FIGHTING WORDS The write to right.

Ó 2009 i leith, tá **Fighting Words** ag cur ceardlanna scríbhneoireacht chruthaitheach spreagúla, spraíúla ar fáil ar fud na hÉireann. www.fightingwords.ie


Tabhair faoi deara: Tá áiteanna gann agus cuirfear liosta feithimh i bhfeidhm.

Cláraigh ag **www.creativity.oide.ie**

### Ábhar Tacaíochta

Tá ábhar tacaíochta cruthaithe ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta i gcomhar le TG4. Tá na míreanna agus bileoga oibre ar fáil anseo. Seo sampla den ábhar atá ar fáil: Damáiste déanta ag Stoirm Chandra, Bord Síochána Trump, Ainmniúchán BAFTA do Scríbhneoir ó Ghort an Choirce

Foghlaim TG4



### Taifead den scéal béaloidis 'Oisín i dTír na nÓg'


Athchraoladh le déanaí dráma raidió a rinneadh den scéal béaloidis 'Oisín i dTír na nÓg' siar sa bhliain 1981. Bheadh an dráma raidió seo ina chabhair mhór do scoláirí a thabharfaidh aghaidh ar na scrúduithe stáit i mbliana. Aisteoirí Bhóthar na Léinsí a bhí i mbun aisteoireachta sa dráma atá ar fáil anseo.


## Taispeántas Taighde i gColáiste na Tríonóide

Reáchtálfar Taispeántas Taighde i gColáiste na Tríonóide ar an Déardaoin, 23 Bealtaine 2026, (10.30-15.30). Tabharfar spléachadh ar an taighde atá ar siúl ag céimithe agus foireann an M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Féasta léinn! Tá eolas ar fáil ar na taispeántais anseo.

## Go n-éirí leis na scoláirí sna scrúduithe stáit

Guímid gach rath ar scoláirí Gaeilge na tíre a bheidh ag tabhairt faoi na Scrúduithe Stáit i mí an Mheithimh. Go n-éirí go geal leo ar fad.





## Míle buíochas

Gabhann baill uile Fhoireann na Gaeilge buíochas leat as ucht do chuid dúthrachta agus rannpháirtíochta le linn na scoilbhliana seo. Tréaslaímid leat ó chroí agus guímid gach rath agus sonas ort. Go mbainfidh tú idir thaitneamh agus tairbhe as an samhradh.

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie.

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, GaelAonad, Oide.
*Ní haon ualach í an fhoghlaim*